



Ciorclán 0036/2020

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Pobalscoileanna
agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna**

**Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) - Socruithe Sannacháin
Fhorlíontaigh do scoilbhliain 2020/2021**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe sannacháin fhorlíontaigh seo a leanas a chur chun feidhme do CRSanna do scoilbhliain 2020/2021. Tá na socruithe seo le feidhmiú ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach scoil/BOO agus do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an Ciorclán seo in ionad Chiorclán 0030/2019. Is é cuspóir an Chiorcláin seo fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta, Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus do CRSanna faoi na socruithe sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna i scoilbhliain 2020/21.

I gcás go mbeidh leithdháileadh breise uaireanta/post CRS ag scoil/ag Bord Oideachais agus Oiliúna (e.g. i gcás go bhfuil leithdháileadh breise uaireanta/post CRS ann nó gur fhág CRS an post), is amhlaidh, chun aghaidh a thabhairt ar ócáidí na fostaíochta i measc CRSanna, nach mór an leithdháileadh breise uaireanta/post sin a thairiscint, in ord sinsearachta, d'aon CRS páirtaimseartha atá ann cheana sa scoil, sula bhféadfaidh an fostóir dul i muinín na socruithe seo. Fágann sé sin nach mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú mar CRS, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha sa scoil do gach CRS páirtaimseartha atá fostaithe aige cheana. I gcás BOO, ní mór don fhostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha i scoil laistigh de scéim an BOO do gach CRS páirtaimseartha atá fostaithe aige cheana.

Tá mionsonraí iomlána leagtha amach in Ailt 17, 18 agus 19 den Chiorclán seo

Ní ghlacfar leis gur leasaíodh aon chiorcláin ná aon rialacháin lena rialaítear earcaíocht CRS ach amháin a mhéid atá leagtha amach sa Chiorclán seo. Dá réir sin, ba cheart d'fhostóirí leanúint ag cloí leis na nósanna imeachta atá ann cheana le haghaidh CRS a earcú, faoi réir na bearta seo a leanas a áireamh chun oibriú na socruithe sannacháin fhorlíontaigh seo do CRSanna a éascú. Tá an méid seo ag teacht le Ciorclán 0051/2019.

Scaipeadh:

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil don Bhord Bainistíochta/BOO agus go gcuirfear an t-ábhar ann in iúl do gach CRS atá fostaithe agat, iad siúd atá as láthair san áireamh.

Ceisteanna:

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas: **snasupplementpanel@education.gov.ie**

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne:

Tara Carton
Aonad Caidrimh na Foirne Seachtraí
13 Bealtaine 2020

LEATHANACH CLÁR ÁBHAR

	Lch/Lgh
1. Sainmhíithe agus Téarmaí Míniúcháin	4-5
2. Liosta de dhoiciméid a bhaineann le Painéal Sannacháin Fhorlíontaigh	6
3. CRS agus Iomarcaíocht	7 – 9
4. Diúltú do bheith páirteach sa Phainéal Sannacháin Fhorlíontaigh CRS	9 - 10
5. Folúntais CRS – Próiseas le leanúint ag fostóirí	10 - 14
6. Faisnéis ábhartha eile	14- 15
7. Aguisín 1 - Doiciméad Fíoraithe Próisis (Foirm DFP)	16- 18
8. Aguisín 2 –Foirm Painéil 1 (FP1)	19 - 21
9. Aguisín 3 –Foirm Rogha an Diúltaithe	22 - 24

SAINMHÍNITHE AGUS TÉARMAÍ MÍNIÚCHÁIN:

Chun críocha an chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Cuspóir na Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh do CRSanna – is é cuspóir na socruithe seo CRSanna atá á gcur ar iomarcaíocht ag fostóir amháin a éascú folúntais CRS a thagann chun cinn i scoil/in BOO eile a líonadh.

Fostóir – i gcás gairmscoileanna, pobalscoileanna agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus, i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an BOO nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

An Roinn – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh – ciallaíonn sé seo duine a sannann an Roinn Oideachais agus Scileanna é/í chun an ról atá leagtha amach i mír 32 (leathanach 14) den Chiorclán seo a chomhlíonadh.

Post CRS Caighdeánach - ciallaíonn sé seo post ar cuid den tacaíocht CRS a thugann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta do scoil é.

Post Caighdeánach CRS - ciallaíonn sé seo post ar cuid den chandam CNOS de thacaíocht CRS é.

Post CRS Ionaid nó Cumhdaigh - ciallaíonn sé seo duine a cheaptar ar bhonn sealadach chun folúntas a chumhdach i gcás go bhfuil CRS i bpost caighdeánach ar chead neamhláithreachta, amhail saoire mháithreachais, saoire bhreuiteachta, sos gairme, postroinnt, srl.

Seirbhís a Thabhairt Anonn – Aon CRS a mheastar a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo agus a cheapfar chuig post eile CRS an 1 Meitheamh 2021 nó roimh an dáta sin, tabharfaidh sé/sí ar aghaidh aon seirbhís ináirithe atá fabhráithe aige/aici cheana féin mar CRS lena f(h)ostóir roimhe. Tabharfar an tseirbhís sin ar aghaidh agus beidh sí ináirithe, chun críocha iomarcaíochta amháin, i gcás go dtiocfaidh cor iomarcaíochta chun cinn amach anseo i leith an duine sin. Mar shampla, d'oibrigh CRS i bpost lánaimseartha i Scoil A ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Lúnasa 2018. Fuair sé/sí post lánaimseartha CRS i Scoil B ansin. Oibreoidh sé/sí i Scoil B ón 1 Meán Fómhair 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2021. Ag an am sin, cuirfear an CRS ar iomarcaíocht agus roghnóidh sé/sí glacadh le híocaíocht iomarcaíochta. Cumhdófar tréimhse 6 bliana san íocaíocht iomarcaíochta sin, i.e. cuirfear na 3 bliana ó Scoil A leis na trí bliana ó Scoil B.

Doiciméad Fíoraithe Próisis (DFP) – Féach Aguisín 1 (leathanaigh 16 go 17). Ní mór d’fhostóirí an fhoirm seo a chomhlánú i ndáil le gach folúntas CRS chaighdeánaigh, **lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh CRS páirtaimseartha atá ann cheana uaireanta breise)**, seachas i ndáil le folúntais ionaid nó agus ní mór an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh ansin.

Foirm Painéil 1 (FP1) – Féach Aguisín 2 (leathanaigh 18 go 19). I gcás go mbeidh fostóir ag tabhairt fógra do CRS go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, ba cheart don fostóir cóip chomhlánaithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) a thabhairt láithreach don CRS. I ngach cás, ba cheart do CRSanna cóip chomhlánaithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) a thabhairt dá bhfostóir agus iad ag déanamh iarratas ar fholúntas, toisc gurb é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir le fostóirí a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag an iarratasóir.

FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE – Féach Aguisín 3 (leathanaigh 20 go 21). Tá an fhoirm seo le comhlánú ag CRS ar mian leis/léi diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don bhliain 2020/21. Leis sin, tosófar ar a (h)íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na CRSanna (Ciorclán ROS 58/06) nó in aon leagan athbhreithnithe den chiorclán céanna is infheidhme ag an am. Is críochnaitheach agus ceangailteach a bheidh an cinneadh chun diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don bhliain 2020/21.

**LIOSTA DE DHOICIMÉID A BHAINNEAN LEIS AN bPRÓISEAS SANNACHÁIN
FHORLÍONTAIGH**

PRÓISEAS	AINM NA FOIRME	SEOL CHUIG	Achar Ama / Spriocdháta
IOMARCAÍOCHT	<u>SNA RED1</u> <i>* Earnáil BOO le seoladh chuig Rannán áitiúil AD</i>	Aonad Iomarcaíochta CRS Rannán Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659	Láithreach Spriocdháta Fála: 52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta
IOMARCAÍOCHT	<u>RP50</u>	Aonad Iomarcaíochta CRS Rannán Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659	Láithreach Spriocdháta Fála: 52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta
IOMARCAÍOCHT	FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE (LGH 22-23) <i>* Earnáil BOO le seoladh chuig Rannán áitiúil AD</i>	Aonad Iomarcaíochta CRS Rannán Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659	Go dtí críoch chearta painéil an CRS
IOMARCAÍOCHT & EARCAÍOCHT	Foirm Painéil 1 (FP1) (lgh 19-21)	Díreach chuig CRS	Láithreach ar fhógairt na hiomarcaíochta
EARCAÍOCHT	Doicméad Fíoraithe Próisís (DFP) (lgh 16-18)	Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh Bloc 2, Sr. Maoilbhríde, Baile Átha Cliath D01 RC96	Laistigh de 6 seachtaine tar éis líonadh an fholúntais
EARCAÍOCHT	Fógra Ceapacháin - CRS (www.education.ie) <i>*Níl Earnáil BOO san áireamh</i>	Foireann Neamh-Theagaisc (FNT) Rannán Párolla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659	Láithreach tar éis ceapacháin

Nóta Tábhachtach maidir le: Doiciméid Fíoraithe Próisís (DFP) a sheoladh ar ais

Ní mór do scoileanna/BOOna Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith a chomhlánú agus a sheoladh ar ais maidir le gach folúntas caighdeánach a líonadh, lena n-áirítear líonadh uaireanta breise (i.e. nuair a fhaigheann CRS reatha uaireanta breise). Ní mór an DFP a sheoladh chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de 6 seachtaine de gach folúntas caighdeánach a bheith líonta - féach lch. 10 den chiorclán seo i gcomhair faisnéise agus lgh. 16 agus 17 mar a bhfuil cóip d'fhoirm DFP.

CRSanna AGUS IOMARCAÍOCHT:

Cad a tharlóidh nuair a thabharfar fógra do CRS go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht?

1. **Ní mór** d'fhostóirí an iomarcaíocht a phróiseáil ar an ngnáthbhealach. I gcás go mbeidh CRS fostaithe ag Bunscoil, Meánscoil, Pobalscoil nó Scoil Chuimsitheach aitheanta, ba cheart don fhostóir fógra foirmiúil a thabhairt don CRS faoin iomarcaíocht agus ba cheart na foirmeacha seo a leanas a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh chuig an seoladh thíos.
 - i. Foirm SNA RED1
 - ii. Foirm RP50

Aonad Iomarcaíochta CRS
Rannán Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí,

Tá an spriocdháta chun iarratais a fháil leagtha amach i gCiorclán ROS 58/2006 (52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta faoi láthair) nó in aon athbhreithniú den chiorclán céanna atá infheidhme ag an am sin. Tá na foirmeacha thuasluaite ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie le cois treoirlínte chun iad a chomhlánú.

Más rud é nach bhfaighfear iarratas ar iomarcaíocht roimh an ngnáth-spriocdháta le haghaidh iarratais ar iomarcaíocht (52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta faoi láthair), ní bheidh an CRS incháilithe le haghaidh iomarcaíochta mura bhfaigheann sé/sí post trí na socruithe sannacháin fhorlíontaigh.

2. In imthosca ina bhfuil CRS fostaithe faoi láthair ag BOO, ba cheart na forálacha atá ann cheana le haghaidh duine a athshannadh laistigh den BOO a chomhlíonadh sula n-eiseofar aon fhógra iomarcaíochta. Ba cheart dá f(h)ostóir leanúint leis an iomarcaíocht a phróiseáil ar an ngnáthbhealach ansin. Ba cheart fógra foirmiúil a thabhairt don CRS faoin iomarcaíocht agus

ba cheart foirm RP50 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an rannán ábhartha sa BOO.

3. A luaithe a thugtar fógra do CRS a bhfuil seirbhís aon bhliana ar a laghad curtha isteach aige/aici mar CRS caighdeánach (ní chuirfear seirbhís i gcáil ionaid, i.e. chun saoire mháithreachais, saoire bhreuiteachta, sosanna gairme a chumhdach, ná postroinnt, etc., san áireamh chun críocha iomarcaíochta) go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht, measfar go mbeidh sé/sí ina b(h)all de phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna. **Níl sé seo infheidhme sa chás go gcaillfidh CRS uaireanta ach go bhfanann sé/sí lena f(h)ostóir reatha.**
4. I gcás go mbeidh fostóir ag tabhairt fógra do CRS go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, ba cheart don fhostóir cóip chomhlánaithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) a thabhairt **láithreach** don CRS. Tá an fhoirm sin i gceangal leis an gCiorclán seo ar leathanaigh 18 agus 19.
5. I ngach cás, ba cheart do CRSanna cóip chomhlánaithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) a thabhairt dá f(h)ostóir agus iad ag déanamh iarratas ar fholúntas, toisc gurb é sin an t-aon bhealach amháin inar féidir le fostóirí a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag an iarratasóir.
6. Maidir le CRSann a chuirfear ar iomarcaíocht an 1 Bealtaine 2019 nó ina dhiaidh agus nach mbeidh post nua faighte acu, fanfaidh siad ar an bpainéal go dtí an 1 Meitheamh 2021 ionas gur féidir leo post eile CRS a fháil. Ar ndóigh, féadfaidh CRSann den sórt sin diúltú do bheith páirteach sa phainéal agus a roghnú go bpróiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta. Ní tharlóidh sé sin go huathoibríoch, más ea.
7. Maidir le CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht idir an 1 Bealtaine 2017 agus an 30 Aibreán 2018 agus nach bhfuil post nua CRS faighte acu as a gceart féin go fóill, próiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta anois ar choinníoll:
 - i. Gur chuir siad foirmeacha SNA Red1 agus RP50 isteach laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha le haghaidh na hiomarcaíochta;
 - ii. Nach bhfuair siad a n-íocaíocht iomarcaíochta cheana féin trí shásra “rogha an diúltaithe”.
8. **Íocaíochtaí iomarcaíochta a Phróiseáil:**

Is ar an 1 Meitheamh 2021 a thosófar ar íocaíochtaí iomarcaíochta a phróiseáil do CRSanna a mheastar a bheith ina mbaill den phainéal sannacháin fhorlíontaigh. Toisc go mbeidh an painéal as feidhm ag an am sin, ní mheasfar aon CRS nár ceapadh chuig post eile CRSa bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh a thuilleadh. Tosófar ar íocaíocht iomarcaíochta an CRS a phróiseáil d’fhonn í a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

9. Seirbhís atá ann cheana – Iomarcaíocht:

Ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta i leith aon CRS a mheastar a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo é/í agus a cheapfar chuig post eile CRS an 1 Meitheamh 2021 nó roimh an dáta sin. Más rud é go gceapfar é/í chuig post eile CRS le linn scoilbhliain 2020/21, áfach, is amhlaidh, maidir le cibé seirbhís atá fabhráithe aige/aici cheana féin mar CRS lena f(h)ostóir reatha óna bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht agus a mbeadh sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a fháil ina leith ar aon dul le téarmaí Chiorclán 58/06 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, go dtabharfar an tseirbhís sin ar aghaidh agus go mbeidh sí ináirithe, chun críocha iomarcaíochta amháin, i gcás go dtiocfaidh cor iomarcaíochta chun cinn amach anseo i leith an duine sin.

DIÚLTÚ DO BHEITH PÁIRTEACH SA PHAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH DO CRSanna:

10. Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo ag aon am. Nuair a dhéanfaidh sé/sí amhlaidh, tosófar ar a (h)íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na CRSanna (Ciorclán ROS 58/06) nó in aon leagan athbhreithnithe den chiorclán is infheidhme ag an am. Is críochnaitheach agus ceangailteach a bheidh an cinneadh chun diúltú do bheith páirteach sa phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don bhliain 2020/21. Ba cheart d'aon CRS ar mian leis/léi diúltú do bheith páirteach sa phainéal FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA ar leathanaigh 20 agus 21 den Chiorclán seo a chomhlánú agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

An tAonad um Iomarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Rannán Párolla

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Corr na Madadh

Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

I gcás go raibh an CRS fostaithe ag BOO, tabhair faoi deara gur cheart foirm rogha an diúltaithe a sheoladh ar ais chuig Rannán Acmhainní Daonna an Bhoird sin.

11. Cuireann an Roinn/na BOOna córas srianta agus ceartúcháin i bhfeidhm le linn dóibh foirmeacha rogha an diúltaithe agus éilimh iomarcaíochta a phróiseáil. Más rud é go bhfaighfear amach gur sheol duine foirm rogha an diúltaithe chuig an Roinn/chuig an BOO ach go bhfuair sé/sí post nua CRS i scoil eile, scoirfear den fhoirm a phróiseáil agus ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta leis/léi.

12. Aon CRS a roghnóidh glacadh le híocaíocht iomarcaíochta mar atá leagtha amach thuas agus a athfhostóidh scoil nó BOO ar bith é/í mar chúntóir riachtanas speisialta ansin laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht é/í, ní mór dó/di fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don BOO lena mbaineann go bhfuair sé/sí an íocaíocht iomarcaíochta sin. Sna himthosca sin, ceanglófar ar an duine an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar na socruithe le haghaidh aisíocaíochta ag an am sin, faoi réir an aisíocaíochta a dhéanamh laistigh de thréimhse 12 mhí. Ní bheidh an aisíocaíocht sin iníoctha leis an CRS, fiú amháin i gcás go dtiocfaidh eachtra iomarcaíochta chun cinn amach anseo, toisc go measfar gur briseadh an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla.
13. Fiú amháin i gcás go n-aisíocfaidh CRS an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, ba cheart a thabhairt faoi deara go measfar gur briseadh an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus nach mbeidh aon seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha iomarcaíochta i gcás go gcuirfidh an fostóir nua an CRS ar iomarcaíocht ina dhiaidh sin.
14. Ar ghlacadh leis an íocaíocht iomarcaíochta dó/di, ceanglófar ar an CRS dearbhú chuige sin a shíniú. Is é a bheidh sa dearbhú freisin ná údarú á rá go bhféadfaidh an Roinn, agus aon fhostóir CRS san earnáil oideachais, an fhaisnéis lena mbaineann a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála sin.

FOLÚNTAIS CRS –AN PRÓISEAS ATÁ LE LEANÚINT AG FOSTÓIRÍ:

Faoi réir aon eisceachtaí a cheadaítear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015, níor cheart, le linn próiseas earcaíochta agus roghnúcháin, a chur in iúl go bhfuil rún ann idirdhealú a dhéanamh ná faisnéis a thabhairt in aon fhoirm a d'fhéadfaí a thuiscint le réasún go gcuirtear aon rún den sórt sin in iúl inti.

15. Féadfaidh CRS ar ball den phainéal sannacháin fhorlíontaigh é/í a bheith fostaithe mar CRS ionaid agus a (h)áit ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh a choinneáil ag an am céanna. Ní bheidh seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha sinsearachta, incriminteacha nó iomarcaíochta. Níl feidhm ag rialacha an phainéil sannacháin fhorlíontaigh maidir le folúntais ionaid nó chumhdaigh a líonadh, i.e. Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreuiteachta, Sosanna Gairme, postroinnt, saoire neamhíoctha, etc. ar chóir é a líonadh de réir Chiorclán 0051/2019.
16. I gcás go mbeidh leithdháileadh breise uaireanta/post CRS ag scoil/ag BOO (e.g. i gcás go bhfuil leithdháileadh breise uaireanta/post CRS ann nó gur fhág CRS an post), ní mór an leithdháileadh breise uaireanta/post sin a

thairiscint, in ord sinsearachta, do CRSanna páirtaimseartha atá ann cheana sa scoil, sula bhféadfaidh an fostóir dul i muinín na socruithe seo. Fágann sé sin nach mór don fostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú mar CRS, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha sa scoil do gach CRS páirtaimseartha atá fostaithe aige cheana. I gcás BOO, ní mór don fostóir, sula roghnóidh sé duine eile a earcú, a chinntiú gur tairgeadh, in ord sinsearachta, post lánaimseartha i scoil laistigh de scéim an BOO do gach CRS páirtaimseartha atá fostaithe aige cheana. (De lánrogha na scoile/an BOO féin agus ar aon dul leis an leithdháileadh sonrath ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, is amhlaidh, i gcás go dtiocfaidh uaireanta breise chun cinn toisc gur ghlac CRS Sos Gairme, go bhféadfar na huaireanta breise sin a thairiscint, in ord sinsearachta, do CRS páirtaimseartha atá ann cheana sa scoil sin. Ba cheart conradh ar leith do na huaireanta breise sin a eisiúint chuig aon CRS a gheobhaidh uaireanta den sórt sin (Féach Alt 8.2 de Chiorclán 22/2012 ón Roinn Oideachais agus Scileanna). Déanfar aon tairiscint den sórt sin ar an tuiscint go bhfillfidh an CRS páirtaimseartha ar uaireanta páirtaimseartha nuair a rachaidh an CRS atá ar Shos Gairme i mbun dualgais an athuair. I gcás uaireanta breise, ní chuirfear seirbhís a cuireadh isteach i gcáil ionaid san áireamh chun críocha iomarcaíochta).

17. Tairgfear na huaireanta breise CRS /na poist bhreise CRS faoi réir dhualgais iomlána an phoist a bheith á gcomhlíonadh ag CRS, lena n-áireofar tabhairt faoi aon oiliúint/uasoiliúint a bheidh ag teastáil ionas gur féidir leis/léi freastal ar riachtanais chúraim an dalta/na ndaltaí agus dualgais iomlána an phoist a chur i gcrích. Más rud é go ndiúltoídh CRS páirtaimseartha / CRSanna páirtaimseartha do phost lánaimseartha agus/nó go mbeidh uaireanta breise CRS /poist bhreise CRS ar fáil, ba cheart don fostóir tús a chur leis an bpróiseas chun folúntas/folúntais den sórt sin a líonadh.

Ní dhéanfar aon difear don staid maidir le laethanta Naíonán a leithdháileadh agus a dháileadh. Is gné shonrach ar leith de scéim na CRSanna é sin.

18. Ní fhéadfar imeacht ó Phointe 17 thuas ach amháin i gcás go bhfaighidh scoil/BOO cinneadh i scríbhinn ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta/ón Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais á rá nach mór an leithdháileadh a roinnt i measc líon sonrath CRSanna agus/nó á rá nach mór an leithdháileadh a chur chun feidhme ar bhealach sonrath chun freastal ar riachtanais chúraim an dalta/na ndaltaí. Ní mór an cinneadh i scríbhinn ón **gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta/ón Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais** a thabhairt don CRS páirtaimseartha /do na CRSanna páirtaimseartha lena mbaineann.
19. Ní mór do scoileanna/do BOOna Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith (leathanaigh 16 agus 17) a chomhlánú maidir le líonadh gach folúntas caighdeánach, lena n-áirítear i ndáil le huaireanta breise a líonadh (i.e. i gcás go bhfaighidh CRS páirtaimseartha atá ann cheana uaireanta breise).

Ní mór an doiciméad sin a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de 6 seachtaine ón bhfolúntas a líonadh.

20. Ní mór gach folúntas CRS chaighdeánaigh agus gach folúntas CRS cumhdaigh a mhairfidh 24 seachtain nó níos mó a fhógairt ar cheann amháin de na suíomhanna Gréasáin seo a leanas a luaithe is féidir (is féidir go ngearrfaidh roinnt de na soláthraithe seo táille i leith poist a fhógairt ar a suíomh Gréasáin).

Liosta de Shuíomhanna Gréasáin:

www.staffroom.ie

www.educationcareers.ie

www.educatetogether.ie

www.jobsireland.ie

www.educationposts.ie

Aon suíomh gréasáin de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Is féidir fosta folúntais CRS a fhógairt go háitiúil de réir mar atá gá leis nó a meastar gá a bheith leis. Leis seo, beidh a fhios ag CRSanna atá á gcur ar iomaíocht cé na poist CRS atá ar fáil.

1. Ní mór aon inniúlachtaí sonracha agus/nó aon cheanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí a liostú san fhógra.
2. Meabhraítear d'fhostóirí gurb amhlaidh, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2011, gurb é seo a leanas an caighdeán íosta oideachais a theastaíonn ó dhuine sula bhféadfar é/í a cheapadh chuig post CRS: Mórcháilíocht ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag leibhéal 3 den chreat náisiúnta cáilíochtaí nó trí cinn ar a laghad de ghráid D sa Teastas Sóisearach **nó** a choibhéis.
3. Más rud é go bhfaighidh fostóir iarratas ar fholúntas ó níos mó ná CRS amháin atá le cur ar iomarcaíocht agus go dtabharfaidh siad cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (FP1) don fhostóir, beidh oibleagáid ar an bhfostóir ansin an folúntas a thairiscint do dhuine amháin de na CRSanna sin. **Beidh sé sin faoi réir aon inniúlachtaí sonracha agus/nó aon cheanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí, mar atá leagtha amach san fhógra don phost, a bheith á gcomhlíonadh ag an CRS.** Beidh próiseas agallaimh ag teastáil chun an méid sin a chinneadh. Beidh sé sin faoi réir teistiméireachtaí a sheiceáil agus a fhíorú, aon cheanglais sláinte agus sábháilteachta ceirde (SC) a chomhlíonadh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a shásamh freisin. Ní mór don CRS comhaontú le héiteas an fhostóra atá i gceist a urramú.

4. Iarratasóirí den sórt sin a ghearrliostú le haghaidh agallaimh:
Ní fhéadfaidh fostóirí agallamh a chur ar an gcéad dul síos ach amháin ar CRSanna a bhfuil cóip dheimhnithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) acu. Más ann do chúigear iarratasóirí nó níos lú den sórt sin, glaofar gach duine díobh chun agallaimh. Murach sin, glaofar cúigear iarratasóirí ar a laghad den sórt sin chun agallaimh.
5. Más rud é nach bhfaighidh fostóir iarratas ar fholúntas ó CRS atá le cur ar iomarcaíocht agus a thabharfaidh cóip dheimhnithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) don fhostóir laistigh den tréimhse ama atá sonraithe san fhógra nó, más rud é, tar éis agallamh a chur ar chúigear iarratasóirí ar a laghad den sórt sin, go bhfaighfear amach nár chomhlíon aon duine de na hiarratasóirí na hinniúlachtaí sonracha agus/nó na ceanglais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an dalta/na ndaltaí, is ag an am sin, agus ag an am sin amháin, a fhéadfaidh an fostóir iarratasóirí eile a ghlaoch chun agallaimh d’fhonn an folúntas a líonadh ó na hiarratasóirí go léir eile (iarratasóirí breise ar an bpainéal san áireamh) ar an bhfolúntas. **Ní mór an dara próiseas agallaimh sin, má tá gá leis, a reáchtáil ar lá leithleach agus beidh sé faoi réir Chiorclán 0051/2019.**
6. Más rud é, tar éis an agallaimh, go bhfaighidh roinnt iarrthóirí na marcanna céanna, ba cheart sinsearach mar CRS a úsáid mar thoisc chinntitheach agus an folúntas á líonadh. Is féidir sinsearach na CRSanna a fháil amach ó fhoirm FP1.
7. Ar an bpost a thairiscint dó/di, beidh oibleagáid ar an iarrthóir rathúil deimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint a thabhairt i scríbhinn don fhostóir **tráth nach déanaí ná sé lá féilire** ó dháta na litreach tairisceana. Más rud é nach nglacfar sa tréimhse ama riachtanach leis an bhfolúntas a tairgeadh, tarraingeofar an tairiscint siar.
8. **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:**
Ní mór don fhostóir a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais ábhartha Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus go dtabharfaidh daoine atá á gceapadh chuig post CRS dearbhú reachtúil atá bainteach le cosaint leanaí mar aon leis an bhfoirm gealltanais ghaolmhar. Tá na ceanglais reatha leagtha amach ar www.education.ie
9. **Conarthaí Fostaíochta:**
Ní mór conradh fostaíochta a thairiscint do cheapaithe de réir na dtéarmaí atá leagtha amach sna ciorcláin ábhartha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Is féidir na conarthaí reatha do CRS ar leibhéal Bunscoile agus Iarbhunscoile a fháil ag na seoltaí Gréasáin seo a leanas:

http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/sna15_05.pdf

http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/sna12_05.pdf

10. Fógra a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi cheapachán:

Ar an nós imeachta ceapacháin a chur i gcrích mar atá leagtha amach thuas, déanfaidh fostóirí (nach Boird Oideachais agus Oiliúna iad) an fhoirm “Fógra Ceapacháin –Cúntóir Riachtanas Speisialta” a chomhlánú agus a chur isteach. Is féidir an fhoirm sin a fháil ag an seoladh Gréasáin seo a leanas:
www.education.ie

FAISNÉIS ÁBHARTHA EILE:

11. Ról an Bhainisteora Sannacháin Fhorlíontaigh:

Beidh ról an bhainisteora sannacháin fhorlíontaigh mar seo a leanas don scoilbhliain 2020/21:

- Beidh oibleagáid ar aon fhostóir atá ag earcú CRS cóip chomhlánaithe den Doiciméad Fíoraithe Próisis a thabhairt don bhainisteoir sannacháin fhorlíontaigh.
- Déanfaidh sé/sí athbhreithniú ar chásanna roinnt CRSanna (más ann) nach bhfuil ag éirí leo fostaíocht bhreise a fháil trí na socruithe seo d’fhonn a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon chúiseanna athfhillteacha sonracha ann nach bhfuair CRSanna post eile CRS trí na socruithe seo.
- I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, déanfaidh na hÚdaráis Bhainistíochta agus na Ceardchumann athbhreithniú ar oibriú na socruithe seo/an Chiorcláin seo roimh an scoilbhliain 2020/21 d’fhonn aon leasuithe a chur i bhfeidhm a mheastar a bheith riachtanach chun feabhas a chur ar oibriú na socruithe seo.

12. Mar atá leagtha amach cheana féin, gabhann an Ciorclán seo in ionad Chiorclán 30/2019 ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar gach bealach. Fágann sé sin gurb amhlaidh, maidir le CRSanna a chuirfear ar iomarcaíocht an 1 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh agus nach mbeidh post nua faighte acu, go bhfanfaidh siad ar an bpainéal go dtí an 1 Meitheamh 2021 ionas gur féidir leo post eile CRS a fháil. Ar ndóigh, féadfaidh CRSanna den sórt sin diúltú do bheith páirteach sa phainéal agus a roghnú go bpróiseálfaí a n-íocaíocht iomarcaíochta. Ní tharlóidh sé sin go huathoibríoch, más ea.

13. Ní cheapfar CRS ach amháin chuig post atá le líonadh laistigh den leithdháileadh post atá ceadaithe ag an CNOS.

14. Más rud é go gcheapfar CRS chuig post eile CRS an 1 Meitheamh 2021 nó roimh an dáta sin, ní mheasfar é/í a thuilleadh a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don bhliain 2020/21.

15. I gcás go n-éireoidh CRS as post (nó post páirtaimseartha), ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh sé/sí i dteideal a bheith ina b(h)all den phainéal sannacháin fhorlíontaigh agus nach mbeidh sé/sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a éileamh, faoi mar a bhí amhlaidh roimhe seo.
16. Maidir le CRSanna atá ina mbaill den phainéal sannacháin fhorlíontaigh, ní bheidh aon teidlíocht acu i leith tuarastail de bhua iad a bheith ina mbaill den phainéal sin.
17. Ní ináirithe chun aon chríoch a bheidh an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna. Áirítear leis sin na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - a. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna san áireamh mar sheirbhís.
 - b. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna san áireamh i gcás cor iomarcaíochta amach anseo.
 - c. Ní chuirfear an t-am a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna san áireamh ó thaobh dul chun cinn incriminteach de.

18. Pinsean:

Ní hionann agus seirbhís inphinsin aon tréimhse ama a caitheadh ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh.

19. Seirbhís reatha – Sinsearach:

Tá na socrúithe maidir le sinsearach CRSanna leagtha amach i gCiorclán 51/2019 ón Roinn Oideachais agus Scileanna (tá na socrúithe maidir le sosanna gairme leagtha amach i gCiorclán 22/2012 ón Roinn Oideachais agus Scileanna). Más rud é go bhfaighidh CRS post tríd an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh, **níl** sé ináirithe chun críocha sinsearachta amach anseo mar CRS leis an bhfostóir nua a bheidh aon seirbhís atá curtha isteach aige/aici cheana féin mar CRS i.e. éireoidh sé/sí ar an gcúntóir riachtanas speisialta is sóisearaí chun críocha sinsearachta ina f(h)ostaíocht nua.

20. Rachaidh an painéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don bhliain 2020/21 as feidhm an 1 Meitheamh 2021.

21. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas: **snasupplementpanel@education.gov.ie**

Doiciméad Fíoraithe Próisis – le comhlánú ag fostóirí

Leathanach 1 as 2

Ba cheart d'fhostóirí Doiciméad Fíoraithe Próisis ar leith a chomhlánú i dtaca le gach folúntas caighdeánach CRS a líonfar, **lena n-áirítear aon uaireanta breise a líontar (i.e. sa chás go bhfaigheadh CRS páirtaimseartha atá ann cheana uaireanta breise).** Níl aon cheanglas ann Foirm Doiciméid Fíoraithe Próisis a chomhlánú i dtaca le folúntais ionadaíochta nó “cumhdaigh”.

Ní mór leagan comhlánaithe den doiciméad seo a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de shé seachtaine tar éis líonadh an fholúntais. ***Iarrtar ort a chinntiú go n-úsáidtear an Doiciméad Fíoraithe Próisis ar a bhfuil an Uimhir Chiorcláin 2020/21 priontáilte sa choirnéal ag an mbarr ar dheis. Cuirfead foirmeacha Doiciméid Fíoraithe Próisis níos sine ar ais chuig an scoil/BOO agus iarrfar ort foirm reatha a chur isteach.***

- Ar phost ionadaíochta é an folúntas CRS sa scoil/BOO agat nó ar phost breise é a d'eascair as leithdháileadh méadaithe? (Cuir tic de réir mar is iomchuí).

Post Ionadaíochta

Leithdháileadh Méadaithe

- Ar phost páirtaimseartha nó lánaimseartha é seo?
- Ar thairg an scoil uaireanta/poist bhreise chaighdeánacha do bhaill foirne pháirtaimseartha a bhí ann cheana roimh di dul i muinín socruithe earcaíochta i gcomhréir le paragraf 17 den Chiorclán seo (cuir tic de réir mar is iomchuí)?
- Murar 'THAIRG', cén fáth?

THAIRG

NÍOR
THAIRG

-
- Murar thairg, ar fhógair an scoil/BOO an folúntas ar cheann amháin nó níos mó de na suíomhanna gréasáin atá liostaithe i bparagraf 21 den Chiorclán seo?
 - An bhfuair tú iarratais ó CRSanna dár ceanglaíodh cóip dheimhnithe d'Fhoirm Painéil 1 (FP1)?
 - Má fuair, an amhlaidh nár chuir tú, ar an gcéad ásc, agallamh **ach amháin** ar iarratasóirí le haghaidh an fholúntais a raibh cóip dheimhnithe acu d'Fhoirm Painéil 1 (FP1) i gcomhréir leis na forálacha i bparagraif 24 agus 25 den Chiorclán seo?

8. Ar bhronn tú an folúntas ar CRS ag a raibh cóip dheimhnithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1)?
9. Murar bhronn, iarrtar ort a léiriú cén fáth nár bronnadh an folúntas ar CRS ag a raibh FP1 deimhnithe.

Leathanach 2 as 2

Foirm an Doiciméid Fíoraithe Próisis – Ciorclán 00XX/2020

Ní mór a chuimhneamh gurb é an t-aon chás amháin nach ceadmhach do scoil/BOO folúntas a líonadh le duine ag a bhfuil cóip dheimhnithe d’Fhoirm Painéil 1 (FP1) ná sa chás ina gcinntear, tar éis agallaimh, nach gcomhlíonann aon duine de na hiarratasóirí Foirm Painéil 1 na hinniúlachtaí agus/ná na riachtanais shonracha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais bhreise cúraim an dalta/na ndaltaí, mar atá leagtha amach san fhógra don phost. Bíonn gach ceapachán CRS faoi réir teistiméireachtaí a sheiceáil agus a fhíorú, aon cheanglais sláinte agus sábháilteachta ceirde a chomhlíonadh agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a shásamh.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Theileafóin na Scoile: _____

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Le síniú ag an bPríomhoide/ag Rannán AD an BOO:

Deimhnímse, de réir mar is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Phríomhoide/Rannán AD an BOO: _____

Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta / Bainisteoir AD an BOO:

Deimhnímse, de réir mar is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Chathaoirligh/Bainisteoir AD an BOO: _____

Ní mór an fhoirm seo a comhlánú agus a chur ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh ag an seoladh seo a leanas laistigh de shé seachtaine tar éis líonadh an fholúntais:

Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh
Bloc 2, Urlár 2
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1

Ráiteas Príobháideachta Sonraí

Is é an phríomhchúis a mbíonn na sonraí pearsanta a chuireann tusa ar fáil ag teastáil ón Roinn ná chun monatóireacht a dhéanamh ar cheapadh CRSanna ón bpainéal forlíontach. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a mhalartú le hionadaithe údaraithe foirne agus le Forais Bainistíochta iomchuí.

Is féidir sonraí iomlána bheartas cosanta sonraí na Roinne, mar a bhfuil leagtha amach an chaoi a n-úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta mar aon le faisnéis mar gheall ar na cearta agat mar ábhar sonraí, a fháil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá sonraí an bheartais seo agus an fhógra príobháideachta seo ar fáil mar chruachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh seo a leanas:

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1

Leathanach 1 as 2

**CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA – FOIRM AN PHAINÉIL SANNACHÁIN
FHORLÍONTAIGH 2020/21**

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag scoil/ag BOO sa chás go dtabharfadh fostóir fógra do CRS i bpost caighdeánach (**a bhfuil seirbhís leanúnach aon bhliana, ar a laghad, curtha isteach aige/aici**) go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht. (Ní chuirfear seirbhís i gcáil ionadaíochta, i.e. chun saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, sosanna gairme, postroinnt etc. a chlúdach, san áireamh)

Ná comhlánaítear an fhoirm seo ach amháin le haghaidh CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht ar nó tar éis an 1 Bealtaine 2020. Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú sa chás go gcaillfeadh CRS uaireanta ach go bhfanfadh sé/sí lena f(h)ostóir reatha.

Más rud é go gceapfar CRS i bpost eile mar CRS ar nó roimh an 1 Meitheamh 2020, ní mheasfar é/í a thuilleadh a bheith ina b(h)all de phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2020/21 na CRSanna.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Theileafóin na Scoile: _____

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Sonraí an CRS:

Ainm an CRS: _____

Seoladh an CRS: _____

Uimhir PSP an CRS: _____

Uimhir Theileafóin an CRS: _____

Cén dáta ar ar thosaigh an CRS seo de bheith ag obair sa scoil / BOO: __/__/__?

Ar tugadh fógra don CRS seo go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht?

Tugadh ____ **Níor tugadh** _____

Cén dáta ar ar tugadh fógra foirmeálta don CRS seo go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht: __/__/____?

Cén dáta ar le héifeacht uaidh a scoirfidh an CRS seo de bheith fostaithe ag an scoil / BOO agat __/__/____? [Ba cheart an 31^ú a úsáid sa chás gur ag deireadh na scoilbhliana a scoirfidh an CRS de bheith fostaithe]

Leathanach 2 as 2

Le síniú ag an bPríomhoide/ag Rannán AD an BOO:

Deimhnímse, de réir mar is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Phríomhoide/Rannán AD an BOO:

Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta / Rannán AD an BOO:

Deimhnímse, de réir mar is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Phríomhoide/Rannán AD an BOO:

Le síniú ag an CRS:

Deimhnímse, de réir mar is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt don ch CRS dár tugadh fógra go bhfuil sé/sí le cur ar iomarcaíocht. Ba cheart don scoil/BOO cóip den fhoirm seo a choimeád ar mhaithe lena gcuid taifead féin.

Ba cheart do CRSanna i gcónaí cóip d'Fhoirm Painéil 1, agus í comhlánaithe, a chur isteach agus iad ag cur isteach ar fholúntais nó is é seo an t-aon bhealach inar féidir le fostóirí a dhéanamh amach cé acu atá nó nach bhfuil Cearta Painéil ag iarratasóir.

AGUISÍN 3: FOIRM ROGHA AN DIÚLTAITHE

Leathanach 1 as 2

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAIS SPEISIALTA - FOIRM LE ROGHNÚ GAN BHEITH LUAITE AR PHAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH 2020/21 NA gCÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

Moltar do CRSanna an fhoirm seo agus Ciorclán 00XX/2020 a bhaineann léi a léamh go cúramach roimh dóibh í a shíniú.

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag CRS ar mian leis/léi gan bheith luaite ar phainéal sannacháin Fhorlíontaigh 2020/2021 na CRSanna. Cuirfidh sé seo tús le próiseáil na híocaíochta iomarcaíochta aige/aici i gcomhréir leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na CRSanna (Ciorclán ROS 58/06) nó in aon leagan athbhreithnithe den fhoirm chéanna is infheidhme ag an am sin. Is cinneadh críochnaitheach ceangailteach é roghnú gan bheith luaite ar phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2020/21 na CRSanna.

Aon CRS a roghnóidh gan bheith luaite ar phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2020/21 na CRSanna agus a gheobhaidh íocaíocht iomarcaíochta agus a n-athfhostóidh aon scoil nó BOO ar bith é nó í mar CRS laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht é/í, ní mór dó/di a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don BOO, de réir mar is cuí, go bhfuair sé/sí an íocaíocht iomarcaíochta sin. Sna cásanna seo, beidh ar an CRS an ghné bhreistithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar socruithe le haghaidh aisíocaíochta ag an am sin, faoi réir an aisíocaíochta a dhéanamh laistigh de thréimhse 12 mhí.

Go fiú sa chás ina n-aisíocann CRS an ghné bhreistithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, measfar gur briseadh an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith nuair a fuair sé/sí a t(h)eidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla agus ní bheidh aon seirbhís den sórt sin ináirithe chun críche iomarcaíochta sa chás ina gcuirfeadh an fostóir nua an CRS ar iomarcaíocht ina dhiaidh sin.

Glacfar leis gurb ionann comhlánú na foirme seo agus glacadh leis na téarmaí agus na coinníollacha seo. Is ionann comhlánú na foirme seo freisin agus údarú don Roinn Oideachais agus Scileanna, agus d'aon fhostóir CRS san earnáil oideachais, na sonraí atá san fhoirm seo a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Theileafóin na Scoile: _____

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Sonraí an CRS:

Ainm an CRS: _____

Seoladh an CRS: _____

Uimhir PSP an CRS: _____

Leathanach 2 as 2

Le síniú ag an CRS:

Tá na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le painéal sannacháin fhorlíontaigh 2020/2021 na CRSanna léite go mion agamsa, _____, (ainm i mbloclitreacha) agus tuigimse go hiomlán iad. Deimhnímse gur mian liom diúltú do bhallraíocht ar phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2020/21 na CRSanna. Aithním, sa chás go bhfaighinn íocaíocht iomarcaíochta mar atá leagtha amach roimhe seo san fhoirm seo agus go bhfostódh **aon** scoil/BOO ar bith mé laistigh de 1 bhliain tar éis mo churtha ar iomarcaíocht, go gcaithfidh mé a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don BOO de réir mar is iomchuí, go bhfuil a leithéid d'íocaíocht faighte agam. Sna cásanna seo, beidh ormsa an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Toilím, leis seo, go stórfar m'úimhir phearsanta seirbhíse poiblí ar Bhunachar Sonraí Lárnach. Toilím freisin gur féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus aon fhostóir CRS san earnáil oideachais, gach faisnéis atá ar an bhfoirm seo a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur ar ais chuig:

Aonad Iomarcaíochta na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

Rannán Párolla

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Corr na Madadh

Áth Luain, Co. Na hIarmhí

Tabhair do d'aire, sa chás gur fhostaí thú de chuid BOO, gur cheart foirm rogha an diúltaithe a chur ar ais chuig Rannán AD an BOO sin agus gurb iadsan a phróiseálfaidh an íocaíocht.

Ba cheart cóip den fhoirm seo a choimeád ar mhaithe le do chuid taifead féin.

Chomh luath is a gheobhaidh an Rannán Párolla an fhoirm chomhlánaithe seo, cuirfear tús le próiseáil na híocaíochta iomarcaíochta i gcomhréir leis na téarmaí atá leagtha amach i scéim iomarcaíochta na CRSanna (Ciorclán ROS 58/06) nó in aon leagan athbhreithnithe den fhoirm chéanna is infheidhme ag an am sin ar an acht go bhfuil an CRS i dteideal a leithéid d'íocaíocht iomarcaíochta.

Ráiteas Príobháideachta Sonraí

Is é an phríomhchúis a dteastaíonn na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ón Roinn ná

1. Chun d'iarratas ar íocaíocht iomarcaíochta a phróiseáil

2. Chun críoch a bhaineann le roghnú gan bheith luaite ar an bPainéal Sannacháin Fhorlíontaigh D'fhéadfadh sé go ndéanfaí na sonraí pearsanta a sholáthraítear a mhalartú leis an Rannán Párolla agus le d'fhostóir.

Is féidir sonraí iomlána bheartas cosanta sonraí na Roinne, mar a bhfuil leagtha amach an chaoi a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta mar aon le faisnéis mar gheall ar na cearta agat mar ábhar sonraí, a fháil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá sonraí an bheartais seo agus an fhógra príobháideachta seo ar fáil mar chruachóip freisin ach iad a iarraidh ón seoladh seo a leanas:

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1